
# Caithimh Aimsire



Bíonn Tomás ag **imirt peile** gach tráthnóna. Bíonn **bróga peile** air. **Imríonn sé** sa pháirc. Bíonn sé ag imirt **iománaíochta** gach Satharn. Bíonn **camán** agus **sliotar** aige. Uaireanta bíonn sé ag imirt **mirlíní** sa chlós. Téann Íde ag snámh gach Satharn. Bíonn sí ag snámh sa **linn snámha.** Bíonn **culaith snámha** uirthi. Bíonn Nóra **ag téidléimneach** leis na cailíní eile. **Is fearr léi** an cluiche sin. Is maith leis na páistí go léir **rince Gaelach.** Foghlaimíonn siad an rince Dé Luain.

**Foclóir:**
**sliotar,** hurling ball
**mirlíní,** marbles
**linn snámha,** swimming pool
**culaith snámha,** swim-suit
**ag téidléimneach,** skipping

**A. Líon isteach na bearnaí:**
trá—hnóna, ag imi—t, sl—ot—r, mi—lí—í, cu—aith sn—mha, clu—che, té—d—éimneach.

**B. Líon isteach na bearnaí:**
1. Imríonn sé sa —.
2. Uaireanta bíonn sé ag — — sa chlós.
3. Bíonn culaith — uirthi.
4. Is maith leis na páistí go léir — —.
5. Foghlaimíonn — an rince Dé —.

**C. Scríobh amach an freagra ceart:**
1. Cathain a bhíonn Tomás ag imirt iománaíochta?
   — gach tráthnóna.
   — gach Satharn.
   — gach lá.
2. Cad a dhéanann Íde gach Satharn?
   — Bíonn sí ag imirt peile.
   — Déanann sí rince Gaelach.
   — Téann sí ag snámh.
3. Cé a bhíonn ag téidléimneach?
   — Tomás.
   — Íde.
   — Nóra.

**D. Freagair na ceisteanna:**
1. Cé a bhíonn ag imirt peile gach tráthnóna?
2. Cá n-imríonn sé peil?
3. Cad a dhéanann Tomás sa chlós?
4. Cá mbíonn Íde ag snámh?
5. Céard a bhíonn ar siúl ag Nóra?
6. Cén lá a fhoghlaimíonn siad an rince?

**Gramadach 26**
(i) **Foghlaim:** ag imirt, ag snámh, ag rith, ag siúl, ag súgradh

**Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Bíonn Íde **ag snámh** san fharraige.
1. Bíonn Tomás — — sa linn snámha.
2. Bíonn Seán — — cártaí sa bhaile.
3. Bíonn rásaí againn ar scoil. Bím — — leis na buachaillí eile.
4. Bím — — peile sa pháirc.

(ii) **Líon isteach na bearnaí:**
**Sampla:** Is maith le Seán peil ach **is fearr leis** iománaíocht.
1. Is maith liom bainne ach — — liom tae.
2. Is — le hÚna seacláid ach is fearr — oráiste.
3. Is maith linn milseáin ach — — — uachtar reoite.